

Scéim Tacaíochta Forbartha Acmhainne 2022

Treoirlínte d'Iarratasóirí

Spriocdháta: 5.30pm, Déardaoin, an 12 Bealtaine 2022

NÓTA FAOIN TREOIR SLÁINTE POIBLÍ MAIDIR LE COVID-19

Agus do thogra á réiteach, ba cheart duit é a bhunú ar an gcomhairle agus treoir sláinte poiblí is fearr atá ar fáil ag an am a bhfuil d'iarratas á dhéanamh agat.

Ba cheart duit a chinntiú go bhfuil an méid atá á mholadh agat indéanta nó inoiriúnaithe má bhíonn tionchar ag scaradh sóisialta agus/nó bearta sláinte poiblí eile ar do thréimhse sparánachta ar fad nó ar chuid den tréimhse lena mbaineann an togra seo.

Má éiríonn le d'iarratas agus gur gá duit cuid de do thogra nó é ar fad a athrú de bharr athrú sa chomhairle sláinte poiblí, ba cheart duit dul i dteagmháil le d'fhoireann ealaíon roimh ré chun é sin a phlé.

Leagtar amach sa cháipéis seo an próiseas chun iarratas a dhéanamh ar Chiste Tacaíochta Forbartha Acmhainne na Comhairle Ealaíon. Moltar duit na treoirlínte seo a léamh go cúramach sula dtosaíonn tú ar an iarratas.

CLÁR

Pointí tábhachtacha nach mór cuimhneamh orthu	3
Cabhair a fháil maidir le d'iarratas.....	4
1. Cad ba cheart a bheith ar eolas agat faoin Scéim Tacaíochta Forbartha Acmhainne	5
1.1 Cad é cuspóir na Scéime Tacaíochta Forbartha Acmhainne?	5
1.2 Cé atá incháilithe don Scéim Tacaíochta Forbartha Acmhainne?	5
1.3 Cá mhéad is féidir iarratas a dhéanamh ina leith in iarratas amháin?.....	6
1.4 Cad is féidir iarratas a dhéanamh ina leith?.....	6
1.5 Cad nach féidir iarratas a dhéanamh ina leith?.....	7
1.6 Cén t-ábhar tacaíochta nach mór duit a chur isteach le d'iarratas?	7
2. An chaoi a ndéanaimid measúnú ar d'iarratas.....	9
2.1 An próiseas measúnaithe	9
2.2 Critéir chun iarratais a mheasúnú	9
2.3 Próiseas Scórála.....	10
3. An dóigh le d'iarratas a dhéanamh	13
3.1 Cláraigh le Seirbhísí ar Líne na Comhairle Ealaíon	13
3.2 Líon isteach an fhoirm iarratais.....	14
3.3 Ullmhaigh aon ábhar tacaíochta atá riachtanach don iarratas	14
3.4 Iarratas a dhéanamh ar líne	16

Pointí tábhachtacha nach mór cuimhneamh orthu

- Tá faisnéis thábhachtach sa cháipéis seo faoin Scéim Tacaíochta Forbartha Acmhainne agus faoin tslí le hiarratas a dhéanamh.
- Molaimid go láidir duit an cháipéis seo a léamh go cúramach sula dtosaíonn tú ar an bpróiseas chun d'iarratas a dhéanamh.
- Molaimid go láidir duit freisin tosú ar an bpróiseas go luath agus **neart ama** a fhágáil chun d'iarratas a dhéanamh.
- Molaimid go mbeadh sé mar aidhm agat d'iarratas a uaslódáil **daichead a hocht uair an chloig ar a laghad** roimh an spríodhata fógartha. Ar an gcaoi sin, bheadh am agat dul i dteagmháil linn má bhíonn aon fhadhbanna teicniúla agat agus bheimis in ann cuidiú leat.
- **Tabhair faoi deara, de bharr an líon mór iarratasóirí a úsáideann an córas ar líne lá an spríodhata, nach féidir linn a dheimhniú go mbeimid in ann aon fhadhbanna teicniúla a bheadh agat a réiteach, sa chás go dtéann tú i dteagmháil linn i ndiaidh a 2.00 pm lá an spríodhata.**
- Léigh an seicliosta seo a leanas go cúramach:

-
- Tá na treoirlíne seo léite agam agus tuigim iad.
 - Sa chás go raibh fadhb agam, chuaigh mé i dteagmháil leis an gComhairle Ealaíon chun cúnaimh a fháil.
 - Tá gach cuid den fhoirm iarratais a bhaineann le m'iarratas comhlánaithe agam.
 - Tá gach ábhar tacaíochta atá riachtanach ullmhaithe agam, mar a shonraítear sna treoirlínte seo, agus tá siad sin réidh le huaslódáil agam.
 - D'iarr mé ar dhuine éigin eile m'iarratas a sheiceáil chun a chinntiú nach bhfuil aon earráidí ann agus nach bhfuil aon rud ar iarraidh.
-

Cabhair a fháil maidir le d'iarratas

Má tá ceisteanna agat faoi shuíomh gréasáin na Seirbhísí ar Líne a úsáid, tabhair cuairt ar rannán na gCeisteanna Coitianta ar ár suíomh gréasáin: <http://www.artscouncil.ie/ga/Teigh-i-dteagmhail-linn/FAQS/Seirbhisi-ar-line/Seirbhisi-ar-line/>

Má tá ceist theicniúil agat faoin bpróiseas iarratais ar líne agus nach bhfuil freagra ar do cheist i rannán na gCeisteanna Coitianta, is féidir leat ríomhphost a sheoladh chuig onlineservices@artscouncil.ie, nó glaoch ar an gComhairle Ealaíon ar **01 618 0200/01 618 0243**

Má bhíonn ceist agat faoi d'iarratas nach mbaineann le cúrsaí teicniúla, ba cheart duit teagmháil a dhéanamh leis an bhfoireann ealaíon a bhfuil iarratas ar mhaoiniú á chur faoina bráid agat ar ríomhphost nó ar an bhfón. <http://www.artscouncil.ie/ga/Teigh-i-dteagmhail-linn/Liostai-den-bhfoireann-agus-de-chomhairleoiri/>

Téigh chuig an nasc seo a leanas chun féachaint ar ár dtreoir ar YouTube maidir le hiarratas a dhéanamh: <http://www.youtube.com/artscouncildemos>

NÓTA DO DHAOINE FAOI MHÍCHUMAS

Déanann an Chomhairle Ealaíon gach iarracht freastal réasúnta a dhéanamh ar dhaoine atá faoi mhíchumas ar mian leo iarratas a chur isteach nó a bhfuil deacrachtaí acu teacht ar Sheirbhísí ar Líne. Má tá riachtanas speisialta agat sa réimse sin, déan teagmháil ar ríofost chuig access@artscouncil.ie trí seachtaine ar a laghad roimh an spriocdháta.

1. Cad ba cheart a bheith ar eolas agat faoin Scéim Tacaíochta Forbartha Acmhainne

Tugtar faisnéis chúlra duit sa chuid seo faoin Scéim Tacaíochta Forbartha Acmhainne. Cuideoidh sé leat a chinneadh cibé an bhféadfadh d'eagraíocht leas a bhaint as an scéim seo.

1.1 Cad é cuspóir na Scéime Tacaíochta Forbartha Acmhainne?

I bhfianaise thosca uathúla Covid-19, forbraíodh an Scéim Tacaíochta Forbartha Acmhainne chun tacú le heagraíochtaí ealaíon tacaíocht, scileanna agus saineolas a fháil chun a samhlacha ealaíne agus/nó gnó a athbhreithniú agus a oiriúnú agus chun tacú lena bhforbairt straitéiseach sa mheántearma agus san fhadtéarma. Tacaíonn sí le gníomhaíochtaí a chabhróidh acmhainn a fhorbairt, uileghabhálacht a fhorbairt; agus/nó piarthacaíocht agus comhoibriú a mhéadú.

Tá straitéis deich mbliana na Comhairle Ealaíon (2016–2025), *Saothar Ealaíne Iontach a Tháirgeadh: Forbairt na nEalaíon in Éirinn a Threorú* an bonn eolais faoi na dámhachtainí uile (féach anseo: <http://www.artscouncil.ie/ga/straiteis-na-comhairle-ealaion/>).

Tá gach dámhachtain agus scéim ag teacht le Straitéis na Comhairle Ealaíon um Chomhionannas, Cearta an Duine agus Éagsúlacht agus Luach Saothair don Ealaíontóir.

1.2 Cé atá incháilithe don Scéim Tacaíochta Forbartha Acmhainne?

- Eagraíochtaí ealaíon a fuair maoiniú ón gComhairle Ealaíon roimhe seo
- Grúpaí eagraíochtaí ealaíon a fuair maoiniú ón gComhairle Ealaíon roimhe seo (sna cásanna sin ní mór d'eagraíocht amháin a bheith ar an iarratasóir ainmnithe)
- I gcás eagraíochtaí ealaíon nach bhfuil caidreamh maoinithe stairiúil acu leis an gComhairle Ealaíon, glacfaimid le hiarratais ó eagraíochtaí ealaíon ar eagraíochtaí gan beann ar bhrabús iad agus/nó ó eagraíochtaí atá cláraithe go foirmiúil mar chuideachtaí faoi theorainn ráthaíochta (CTR), cuideachtaí gníomhaíochta ainmnithe (CGA) nó mar charthanais.

D'fhéadfadh sé tarlú go mbeadh eagraíochtaí mar chuid d'iarratais ó ghrúpa/chuibhreannas amháin nó níos mó agus go mbeidís ag déanamh iarratas mar eagraíocht aonair ag an am céanna, **ach ní féidir leo a bheith mar iarratasóir ainmnithe (príomh-iarratasóir) i níos mó ná iarratas amháin**. Sna cásanna sin ní fhéadfaidh dúbailt cuspóra nó gníomhaíochta a bheith thar iarratais – e.g. féadfaidh eagraíocht a bheith mar chuid de ghrúpa/chuibhreannas a dhéanann iarratas ar an scéim chun acmhainn dhigiteach a fhorbairt, agus ansin féadfaidh an eagraíocht iarratas ar leithligh a dhéanamh ar chostais a bhaineann le forbairt ghairmiúil na foirne.

Cé hé an t-iarratasóir?

Is é an t-iarratasóir an eagraíocht a gheobhaidh aon mhaoiniú a bheidh á thairiscint agus a bheidh freagrach as téarmaí agus coinníollacha an mhaoinithe sin a ghlacadh.

Ní íocfar aon mhaoiniú a thairgfear ach isteach i gcuntas bainc atá á shealbhú in ainm na heagraíochta atá i mbun iarratais.

Ní mór go mbeadh na cáipéisí go léir a chuirfear ar fáil in ainm na heagraíochta atá i mbun iarratais – e.g. má dhéanann tú iarratas chuig an gComhairle Ealaíon ar mhaoiniú faoin ainm Ionad Ealaíon Bhaile Formaid, **ní mór** go mbeadh gach cáipéis, lena n-áirítear sonraí bainc agus sonraí cánach, san ainm sin.

1.3 Cá mhéad is féidir iarratas a dhéanamh ina leith in iarratas amháin?

Féadfar iarratais aonair a dhéanamh suas go huasmhéid

€20,000
€30,000

Féadfar iarratais Ghrúpa/Chuibhreannas a dhéanamh suas go huasmhéid

1.4 Cad is féidir iarratas a dhéanamh ina leith?

Seo dámhachtain sholúbtha oscailte, agus cuirfimid fáilte roimh thograí i gcomhair aon ghníomhaíochtaí a chuideoidh chun acmhainn a thógáil, comhoibriú a chothú, agus a chuirfidh ar chumas eagraíochtaí bealaí nua oibre a fhorbairt. Cuirfimid fáilte freisin roimh thograí i gcomhair gníomhaíochtaí a fhorbróidh acmhainn eagraíochtaí maidir le dul i gcion ar ealaíontóirí, pobail agus lucht féachana nua agus éagsúil.

Fáiltítear go háirithe roimh mholtaí a bhaineann le tosaíochtaí beartais na Comhairle Ealaíon - CCDÉ agus Luach Saothair don Ealaíontóir (féach cuid 1.1 thuas).

Cuirimid fáilte roimh iarratais atá ag iarraidh cumas rialachais eagraíochtaí a fhorbairt chomh maith.

D'fhéadfaí na gníomhaíochtaí seo a leanas a lua, agus cinn eile nach iad:

- **Inniúlacht dhigiteach:** costais chun an bonneagar digiteach a neartú; rochtain ar an saineolas, trealamh, bonneagar, bogearraí, uirlisí agus comhairle iomchuí; inneachar a bheith ar fáil do lucht féachana, ealaíontóirí agus cleachtóirí ealaíon éagsúil nach ndéantar go leor ionadaíochta orthu de ghnáth; táillí cóitseála; táillí comhairleoirí; síntiúis.
- **Forbairt ghnó agus cleachtas:** costais maidir le saineolas ón taobh amuigh a lorg chun cúnaimh a thabhairt cleachtas agus oibríochtaí reatha a chur in oiriúint; saineolas a rochtain chun gnó nua a fhorbairt, acmhainn dhaonna, folláine agus/nó pleananna lucht oibre; samhlacha agus ardáin mhalartacha a iniúchadh maidir le cruthú, comhoibriú, soghluaisteacht nó dáileachán; táillí comhairleoirí; táillí comhordaitheoirí agus comhoibrithe; cóitseáil; costais eile chun margaí nua agus sruthanna ioncaim a thaighde agus a fhorbairt.

- **Forbairt ghairmiúil:** costais ar forbairt ghairmiúil chianda/dhigiteach, folláine agus cláir tacaíochta don fhoireann, cóitseáil agus oiliúint, cúrsaí, foghlaim ar líne.
- **Comhoibriú agus naisc a fhorbairt:** maoiniú i dtreo malartú eolais; costais eile chun líonraí comhoibritheacha a fhiosrú agus a fhorbairt; táillí cóitseála; táillí comhordaitheoirí agus comhoibrithe.
- **Cumas a Fhorbairt i gcomhair Cuimsiú:** maoiniú chun leas a bhaint as saineolas, oiliúint nó comhairle a fhorbraíonn cumas na heagraíochta i gcomhair cuimsiú agus ábharthacht thar éagsúlacht shoचाई na hÉireann. I measc na rudaí a d'fhéadfaí a áireamh leis sin tá feabhas ar phleanáil agus ar chleachtais na heagraíochta i réimsí cosúil le guth don óige, míchumas, éagsúlacht chultúrtha, nó réimsí eile.

Féadfaidh iarratasóirí iarratas a dhéanamh ar ghníomhaíocht amháin ar leith, nó ar mheascán gníomhaíochtaí.

Spreagann an Chomhairle Ealaíon eagraíochtaí smaoineamh ar iarratas a dhéanamh ar na gníomhaíochtaí sin mar chuid de ghrúpa agus/nó chuibhreannas, in iarracht a chinntiú go roinntear saineolas agus tacaíocht ar fud na hearnála. I gcás iarratais chomhoibríocha bunaithe ar chuibhreannas, is féidir cur isteach ar dhámhachtain lena mbaineann uasmhéid níos airde.

1.5 Cad nach féidir iarratas a dhéanamh ina leith?

- Gníomhaíochtaí a bhí ar siúl cheana féin nó a gcuirfear tús leo sula ndéanfar cinneadh faoi d'iarratas
- Gníomhaíochtaí a d'fhéadfadh tacaíocht a fháil ó thacaíochtaí eile rialtais/gníomhaireachtaí poiblí (e.g. tacaíochtaí a thairgeann oifigí Fiontar Áitiúla, gníomhaireachtaí eile rialtais)
- Mórchoistais tógála/chaipitil
- Saothair ealaíne nó gníomhaíochtaí ealaíon a chruthú
- Gníomhaíochtaí a fuair tacaíocht ón gComhairle Ealaíon cheana féin, i bhfoirm airgid nó trí chlár forbartha acmhainne na Comhairle Ealaíon (e.g. gníomhaíochtaí a bhfuil tacaíocht acu cheana féin ó RAISE)
- Ní féidir iarratas a dhéanamh i leith obair a bhfuil tacaíocht faighte cheana di tríd an gclár maoinithe seo nó trí aon chlár maoinithe eile a chuireann an Chomhairle Ealaíon ar fáil.

1.6 Cén t-ábhar tacaíochta nach mór duit a chur isteach le d'iarratas?

Ciallaíonn ábhar tacaíochta faisnéis nach mór a chur ar fáil **ar leith ó** d'fhoirm iarratais agus **sa bhreis air**. Tá sé sin riachtanach chun cabhrú le measúnóirí tuiscint níos fearr a fháil ar do thogra.

Is mar seo a leanas atá an t-ábhar tacaíochta éigeantach:

- Meastacháin airgeadais/foinse na meastachán airgeadais le haghaidh obair a thabharfar fúithi. Tabhair faoi deara, le do thoil, gur cheart d'eagraíochtaí cloí le dea-chleachtais maidir le próisis soláthair.
- Buiséad mionsonraithe ar leith
- CV nó beathaisnéis/forléargas gairid le haghaidh gach duine de na príomhdhaoine agus/nó eagraíochtaí a bheidh páirteach sa togra
- Sa chás gur iarratasóir tú nach bhfuil caidreamh stairiúil maoinithe agat leis an gComhairle Ealaíon, ní mór duit fianaise a chur ar fáil nach eagraíocht sheachbhrabúsach í d'eagraíocht ealaíon nó nach bhfuil sí sonraithe go foirmiúil mar CTR, CGA nó mar charthanacht. Ag brath ar chineál na heagraíochta, d'fhéadfadh cóip de bhunrecht na heagraíochta nó (má tá sí sonraithe go foirmiúil mar CTR, CGA nó mar charthanacht) cóip de do dheimhniú corpraithe a bheith mar fhianaise.

I gcás iarratais ó ghrúpa/chuibhreannas, iarrtar iad seo a leanas freisin:

- Meabhráin thuisceana nó litreacha tacaíochta ó eagraíochtaí comhpháirtíochta.

Tabhair faoi deara nach nglacfaimid le haon ábhar tacaíochta nach n-uaslódáiltear mar chuid de d'iarratas ar líne.

Ní dhéanfaimid ábhar tacaíochta ar bith nach bhfuil liostaithe thuas a athbhreithniú mar chuid de do thogra.

2. An chaoi a ndéanaimid measúnú ar d'iarratas

2.1 An próiseas measúnaithe

Déanann an Chomhairle Ealaíon gach iarratas a fhaightear a phróiseáil mar seo a leanas:

- 1 I ndiaidh d'iarratas a chur isteach, ba cheart go bhfaighfeá dhá ríomhphost:
 - Eiseofar an chéad cheann láithreach bonn, agus admhófar d'iarratas leis.
 - Ba cheart go dtiocfadh an dara ceann cúpla nóiméad ina dhiaidh sin. Beidh d'uimhir iarratais ann, a mbainfimid úsáid aisti sa chomhfhreagras ar fad faoi d'iarratas.

Tabhair faoi deara: ní chiallaíonn na ríomhphoist seo ach go n-aithníonn an córas ar líne gur chuir tú iarratas isteach. Ní chiallaíonn siad go bhfuil d'iarratas incháilithe le haghaidh measúnú.

Mura bhfaigheann tú ríomhphost ina mbeidh d'uimhir iarratais, téigh i dteagmháil le onlineservices@artscouncil.ie

- 2 Seiceáiltear cáilitheacht an iarratais – cuirtear gach iarratas incháilithe ar aghaidh chuig an gcéim mheasúnaithe.
 - 3 Déanann comhairleoir(i) agus/nó an fhoireann athbhreithniú ar an iarratas, agus bronntar scór in aghaidh gach ceann de na critéir mheasúnaithe. Tabharfar trácht gairid ar an iarratas.
 - 4 Agus an comhthéacs iomaíoch agus an buiséad atá ar fáil á gcur san áireamh, molann an feidhmeannas cibé an bhfaighidh iarratas maoiniú bunaithe ar an scór.
 - 5 Cuirtear na cinntí in iúl do na hiarratasóirí i scríbhinn.
 - 6 Déanann an Chomhairle nóta de na cinntí.
-

Achar ama

Braithfidh an méid ama a thógfaidh sé iarratais a phróiseáil ar líon na n-iarratas a gheobhaimid, ach tá súil againn go mbeimid in ann cinneadh a chur in iúl d'iarratasóirí laistigh d'ocht nó deich seachtaine ó iarratais a fháil.

2.2 Critéir chun iarratais a mheasúnú

Déanfar measúnú ar fhoirmeacha iarratais agus ar ábhar tacaíochta agus tabharfar scór dóibh i gcoinne na dtrí chritéar seo a leanas:

a) Cáilíocht agus oiriúnacht an togra

- Cuntas teiste an phearsanra atá páirteach
- Caighdeán an togra
- Soiléireacht chuspóra agus rúin

b) A mhéid is a chomhlíonann an togra cuspóir na dámhachtana

- A mhéid is atá gníomhaíochtaí:
 - In ann samhlacha a athrú/a chur in oiriúint, agus/nó
 - In ann rannpháirtíocht ghníomhach a chumasú le healaíontóirí, pobail agus lucht féachana nua agus éagsúil, agus/nó
 - In ann tógáil ar dheiseanna nua, agus/nó
 - In ann comhpháirtíocht, comhoibriú agus piarthacaíocht a léiriú
- Tionchar is dócha a bheidh ann sa ghearrthéarma, sa mheántéarma agus san fhadtéarma.

c) Indéantacht an togra

- Cuntas teiste an phearsanra ó thaobh athruithe a dhéanamh/dul in oiriúint
- An cumas an togra a sheachadadh
- An fhaisnéis airgeadais a chuirfear ar fáil.

2.3 Próiseas Scórála

Tá sé beartaithe le córas scórála na Comhairle Ealaíon don Scéim Tacaíochta Forbartha Acmhainne soiléireacht a chur ar fáil d'iarratasóirí i gcomhthéacs an chaoi a ndéantar a n-iarratas a mheasúnú i gcoinne na gcritéar measúnaithe. Tugann na scóir léiriú ar a mhéid a cheaptar gur chomhlíon na hiarratais gach critéar.

Breithneoidh measúnóirí na hiarratais ag baint úsáid as a mbreithiúnas gairmiúil féin, bunaithe ar an bhfaisnéis a bheidh ar fáil san iarratas, ar a n-eolas faoi obair d'eagraíochta san fhearann poiblí, ar a n-eolas faoi thírdhreach na n-ealaíon i gcoitinne, agus ar an gcomhthéacs iomaíoch ina ndéantar na hiarratais ar fad a mheasúnú.

Féadfaidh na measúnóirí scór a bhronnadh go dtí an 0.5 is gaire.

Is iad seo a leanas na scóir a úsáidfear¹:

Scór uimhriúil	Luach focal	Míniú
6.0	Go hlontach	Pléitear gach gné ábhartha den chritéar go cuimsitheach agus go sármhaith san iarratas. Níl easnaimh ar bith in aon chor ann. Coimeádtar an scór seo le haghaidh na ngnéithe is fearr ar fad de na hiarratais agus úsáidfear é go fíorspárlach.
5.5		Ag barr 'Sármhaith'.

¹ Cuireadh na mínithe seo in oiriúint ó Threoir um Measúnú Tionscadail Chultúr na hEorpa Cruthaithí.

5.0	Sármhaith	Pléitear gach gné ábhartha den chritéar go sochreidte agus go rathúil san iarratas. Soláthraítear an fhaisnéis agus an fhianaise ar fad a theastaíonn agus níl buarthaí ná réimse laige ar bith ann.
4.5		Ag barr “Go hAn-Mhaith”.
4.0	Go hAn-Mhaith	Pléitear an critéar go han-mhaith san iarratas. Tugtar faisnéis shoiléir faoin bhfianaise a theastaíonn ann. Tá buarthaí agus réimsí laige ar bith fánach.
3.5		Ag barr ‘Go Maith’.
3.0	Go maith	Pléitear an critéar go maith san iarratas, cé go bhféadfaí roinnt feabhsuithe a dhéanamh. Tugtar faisnéis ann ar gach gné den fhianaise a theastaíonn beagnach, cé go bhfuil roinnt bearnaí ann.
2.5		Idir “Maith go Leor” agus “Go Maith”
2.0	Maith go leor	Déantar plé leathan ar an gcritéar san iarratas, ach tá laigí ann. Tugtar faisnéis ábhartha ann, ach tá roinnt réimsí ann ina bhfuil sonraí in easnamh nó ina bhfuil an fhaisnéis doiléir.
1.5		Ag bun ‘Maith go leor’.
1.0	Go dona	Tá beagán fianaise nó faisnéis ábhartha san iarratas i gcomhthéacs an chritéir agus níl sé fíorláidir nó áititheach i gcomhthéacs maoiniú iomaíoch.
0	Easnamhach	Ní phléitear an critéar san iarratas nó ní féidir breithiúnas a thabhairt air mar gheall ar fhaisnéis ar iarraidh nó atá neamhiomlán.

Tabhair faoi deara: ní bhreithneofar iarratas i gcomhair maoiniú má fhaightear **1.5** nó níos ísle in aghaidh **aon** chritéir.²

Déanfar an scór a bhronntar faoi gach critéar a iolrú ar mhaithe le rátáil chéatadáin a fháil, sa bhealach seo a leanas:

² Ciallaíonn sin, cé go bhféadfadh iarratas scór foriomlán atá níos airde ná scór iarratais eile a bhaint amach, nach maoiníofar é má bhronntar scór de 1.5 nó níos lú ar aon chritéar ar bith.

	Ualú	Céatadán
Cáilíocht agus oiriúnacht an togra	(5.55)	33.3%
Cuspóir na scéime a chomhlíonadh	(5.55)	33.3%
Indéantacht	(5.55)	33.3%
Iomlán		100.0%

Léiriú de thacar iomlán scór i dtéarmaí céatadán:

	Scór	Ualú	Céatadán %
Cáilíocht agus oiriúnacht an togra	5.0	(5.55)	27.8%
Cuspóir na scéime a chomhlíonadh	3.5	(5.55)	19.4%
Indéantacht	4.5	(5.55)	25.0%
Iomlán	13.0		72.2%

Anuas ar na scóir de réir na gcritéar, tabharfaidh na measúnóirí trácht gairid a choimre chun a dtuairim ar an iarratas a chur i gcomhthéacs.

Nuair a bheidh an próiseas scórála curtha i gcrích, bronnfar maoiniú ar na hiarratais a ghnóthaíonn na scóir is mó in ord íslitheach go dtí go mbeidh an buiséad atá ar fáil leithdháilte.

3. An dóigh le d'iarratas a dhéanamh

3.1 Cláraigh le Seirbhísí ar Líne na Comhairle Ealaíon

Ní mór gach iarratas a dhéanamh trí Sheirbhísí ar Líne na Comhairle Ealaíon; ní ghlacfar le hiarratais a dhéanfar ar bhealach ar bith eile (sa phost, ar facs nó ar ríomhphost).

Ní mór go mbeadh cuntas Seirbhísí ar Líne agat chun iarratas a dhéanamh. Mura bhfuil cuntas Seirbhísí ar Líne agat cheana féin, cláraigh do chuntas tríd an bhfoirm chlárúcháin a chomhlánú anseo: <https://onlineservices.artscouncil.ie/register.aspx?&lang=gd-ge>.

Laistigh de chúig lá oibre, seolfar ARN (Uimhir Thagartha Ealaíontóra) uathúil agus pasfhocal chugat trí ríomhphost, agus beidh tú in ann úsáid a bhaint astu chun logáil isteach ar na Seirbhísí ar Líne.

Riachtanais maidir leis na Seirbhísí ar Líne a úsáid

Ní mór do do ríomhaire agus don bhrabhsálaí Idirlín na riachtanais seo a leanas a chomhlíonadh ionas go n-oibreoidh na seirbhísí ar líne duit:

TC Windows 7 nó níos déanaí le Microsoft Edge 94 NÓ Firefox 27 nó níos déanaí NÓ Chrome 33 nó níos déanaí

Mac Mac OS X v10.5 Leopard nó níos déanaí le Safari 3.1 nó Safari 10 NÓ Firefox 27 nó níos déanaí NÓ Chrome 32 nó níos déanaí nó Microsoft Edge 94
Tabhair faoi deara: Má choisceann Safari 11 uaslódáil cáipéisí, úsáid leagan níos úire de Safari, nó Firefox nó Chrome nó Microsoft Edge 94

Tabhair faoi deara: ní mór go mbeadh Microsoft Word nó OpenOffice Writer ar an ríomhaire freisin chun an fhoirm iarratais féin a chomhlánú. Bogearra saor in aisce is ea OpenOffice Writer is féidir a íoslódáil anseo: <https://www.openoffice.org>.

Úsáideoirí OpenOffice

Féach ar ár bhfíseán Using OpenOffice to download, complete and upload the application form ag <https://www.youtube.com/watch?v=iT9XxgmgEo>.

Ní mór duit OpenOffice Writer leagan 4.0.1 nó níos luaithe a úsáid. Nuair a úsáidtear leaganacha níos déanaí ná 4.0.1 de OpenOffice Writer athraíonn an chaoi a bhfeictear ár bhfoirmeacha iarratais nuair a chuirtear isteach trí Sheirbhísí ar Líne iad.

Nótaí tábhachtacha le haghaidh úsáideoirí Apple Mac:

- Tabhair faoi deara an chuid san fhíseán YouTube (ag 1 nóim. 20, cuirtear an nasc ar fáil thuas) ina bpléitear leis an leagan 4.0.1 a íoslódáil ar ríomhairí Mac ar a mbeadh an córas oibriúcháin Mac OS Mojave nó leagan níos luaithe suiteáilte.
- Ní féidir OpenOffice 4.0.1 a íoslódáil ar Mac leis an gcóras oibriúcháin Mac OS Catalina. Má tá an córas oibriúcháin seo nó leagan níos déanaí de suiteáilte ar do Mac, beidh ort leagan 4.1.9 de OpenOffice, nó leagan níos nuáí de, a íoslódáil agus a úsáid.

Mura féidir leat aon cheann de na riachtanais sin a chomhlíonadh nó mura dtuigeann tú iad, téigh i dteagmháil linn le comhairle a fháil chomh luath agus is féidir leat roimh an spriocdháta.

Fág do dhóthain ama agat féin chun an t-iarratas a chomhlánú

Ba cheart duit eolas a chur ar shuíomh gréasáin na Seirbhísí ar Líne tamall maith roimh an spriocdháta agus roimh duit iarratas a ullmhú. Is dócha go mbeidh an-chuid cuairteoirí ar an suíomh tráthnóna an spriocdháta. Ba cheart duit d'iarratas a ullmhú agus a chur isteach tamall maith roimh an spriocdháta.

D'fhéadfadh an t-am uaslódála a bheith i bhfad níos faide ná an t-am íoslódála. D'fhéadfadh sé go dtógfadh sé níos faide ná mar a cheapfá d'ábhar tacaíochta a uaslódáil.

Tacaíocht theicniúil a fháil

Má bhíonn tacaíocht theicniúil uait agus iarratas ar líne á dhéanamh agat, is féidir dul i dteagmháil leis an gComhairle Ealaíon ach ríomhphost a sheoladh chuig onlineservices@artscouncil.ie nó glao a chur ar 01 6180200/6180243. Molaimid duit aon deacrachtaí teicniúla a thuairisciú dúinn tamall maith roimh an spriocdháta. Tabhair uimhir ghutháin agus déan cinnte go bhfuil tú ar fáil chun glaoc uainn a fhreagairt.

Déileálaimid le fiosruithe ar bhonn tús freastail ar an gceann is túisce.

Cuimhnigh go ndéantar anrud glaonna ag druidim leis an spriocdháta agus go mb'fhéidir nach réiteofar glaonna i dtaobh tacaíocht theicniúil a gheofar tar éis 2.00pm ar an dáta deiridh roimh an spriocdháta.

3.2 Líon isteach an fhoirm iarratais

Mura bhfuil sé seo déanta agat cheana féin, íoslódáil an fhoirm iarratais don dámhachtain ar mian leat iarratas a dhéanamh uirthi. Is cáipéis atá comhoiriúnach le Microsoft Word/OpenOffice Writer í an fhoirm iarratais, a chomhlánóidh tú as líne (ar do ríomhaire féin). Tugtar treoir ar an bhfoirm iarratais maidir le conas gach cuid den fhoirm a líonadh isteach.

Tabhair faoi deara: tá an fhoirm iarratais leagtha amach chun go mbeidh an Chomhairle Ealaíon in ann faisnéis a bhaint uaithi chun críoch measúnaithe. Tá sé **thar a bheith tábhachtach** go mbeidh freagraí clóscríofa sna boscaí liatha ar an bhfoirm, agus nach mbainfear iad agus/nó nach mbeidh rud ar bith clóscríofa lasmuigh díobh. Má dhéanann tú amhlaidh, ní uaslódálfar an fhoirm i gceart.

3.3 Ullmhaigh aon ábhar tacaíochta atá riachtanach don iarratas

Ní mór duit ábhar tacaíochta a chur isteach le d'iarratas. De ghnáth, áirítear leis sin samplaí de shaothar reatha de do chuid – e.g., téacs, físeán, íomhánna, nó taifeadtaí fuaimne (féach ar chuid **1.6 Cén t-ábhar tacaíochta nach mór duit a chur isteach le d'iarratas?**).

Ní mór duit an t-ábhar tacaíochta uile den sórt sin a chur isteach ar líne – ba cheart duit, más gá, ábhar a scanadh nó a shábháil i bhformáid leictreonach.

Na formáidí comhaid a nglactar leo

Liostaítear sa tábla seo a leanas na formáidí comhaid a nglactar leo mar chuid d'iarratas ar dhámhachtain tionscadail.

Cineál comhaid	Iarmhír comhadainm
téacscomhaid	.rtf/.doc/.docx/.txt
comhaid íomhá	.jpg/.gif/.tiff/.png
comhaid fuaime	.wav/.mp3/.m4a
comhaid físe	.avi/.mov/.mp4
scarbhileoga	.xls/.xlsx
Comhaid Adobe Acrobat Reader	.pdf

Ar mhaithe le háisiúlacht, bailigh le chéile na comhaid go léir a theastóidh uait in áit inrochtana ar do ríomhaire.

Naisc YouTube a chur isteach

Féadfaidh tú naisc a chur ar fáil chuig ábhar atá á óstáil ar YouTube (www.youtube.com) nó suíomhanna gréasáin eile ar féidir comhaid a chomhroinnt orthu (e.g. Vimeo, Soundcloud) seachas an t-ábhar a uaslódáil go díreach. Chun é sin a dhéanamh, cóipeáil an URL (an seoladh iomlán ag a bhfuil d'ábhar á óstáil) isteach i Microsoft Word/ OpenOffice Writer, nó PDF gcáipéis agus uaslódáil í mar cháipéis tacaíochta ina bhfuil nasc gréasáin.

Tabhair faoi deara: ní mór go mbeadh aon naisc a chuireann tú ar fáil á n-óstáil ar YouTube. Ní bhreathnófar ar naisc chuig suíomhanna óstála eile.

Seiceáil go n-oibríonn an nasc ó laistigh den cháipéis a uaslódálfadh tú – i.e., go nascann sé i gceart le d'ábhar ar YouTube.

Mura mian leat go mbeadh ábhar a uaslódálann tú chuig YouTube chun críocha d'iarratais le feiceáil go poiblí, féadfaidh tú d'fhíseán a ainmniú mar cheann 'neamhliostaithe' sna socruithe. Ná marcáil d'ábhar mar 'príobháideach' mar nach mbeidh measúnóirí na Comhairle Ealaíon in ann breathnú air.

Comhaid a ainmniú go cuí

Maidir le gach comhad a bhfuil sé ar intinn agat é a uaslódáil, tabhair comhadainm air a léiríonn go soiléir cad atá ann nó cad a léirítear leis. Mar shampla ba cheart go mbeadh sé soiléir ó ainm an chomhaid cibé an CV, téacs samplach nó léirmheas ar shaothar roimhe seo atá sa cháipéis.

Cuir cáipéisí tacaíochta isteach i gcomhaid ar leith atá ainmnithe go cuí.

Ainmneacha maithe le tabhairt ar chomhaid i	russelljack iarratas ar Scéim Tacaíochta Forbartha Acmhainne.doc russelljack gearrthóg léirithe.mp4 russelljack Scéim Tacaíochta Forbartha Acmhainne teimpléad buiséid babhta 2.xls
--	--

gcás russelljack nasc youtube.doc
iarratasóra
darb ainm
Jack Russell

Is é **40 MB** an t-uasmhéid iomlán maidir leis an ábhar tacaíochta ar fad a uaslódáiltear le hiarratas amháin.

3.4 Iarratas a dhéanamh ar líne

Chun d'iarratas a chur isteach ar líne, ní mór duit dul trí cheithre phríomhchéim. Cliceáil ar **Sábháil dréacht** ag deireadh gach céime. Is féidir leat teacht ar ais chuig d'iarratas agus é a athbhreithniú tráth ar bith sula gcuirfidh tú isteach ar deireadh é.

1. Roghnaigh clár maoinithe agus íoslódáil an fhoirm iarratais

Chun tús a chur le hiarratas nua, cliceáil ar an gcaipse **Déan iarratas** ar do leathanach baile, agus lean na leideanna chun an clár cuí maoinithe a roghnú agus chun uimhir uathúil thagartha a thabhairt do d'iarratas, trína n-aithneofar é. Ag an gcéim seo, is féidir leat an fhoirm iarratais a íoslódáil freisin (mura bhfuil sé sin déanta agat cheana féin).

2. Iarr suim an mhaoinithe

Ag an gcéim seo, sonraigh an caiteachas agus an t-ioncam a bhaineann le do thogra, agus méid an mhaoinithe atá á iarraidh agat. Ba cheart gurb ionann an méid a iarrtar agus **Caiteachas iomlán** lúide **Ioncam iomlán**. Ba cheart go mbeadh na figiúirí deiridh a iontrálann tú anseo díreach cosúil leo siúd a iontrálann tú i gcuid 3 den fhoirm iarratais agus i do bhuiséad mionsonraithe.

3. Uaslódáil foirm iarratais agus ábhar tacaíochta

Lean na leideanna chun d'fhoirm iarratais atá comhlánaithe agus sábháilte agat a uaslódáil, mar aon le buiséad mionsonraithe, CVanna agus aon ábhar tacaíochta riachtanach eile (féach ar chuid **1.6 Cén t-ábhar tacaíochta nach mór duit a chur isteach le d'iarratas?**). Ní gá duit gach rud a uaslódáil ag an am céanna. Is féidir leat d'iarratas a shábháil mar dhréacht, agus teacht ar ais chuige níos déanaí.

4. Seol an t-iarratas

Nuair a bheidh tú sásta go bhfuil gach rud atá de dhíth chun tacú le d'iarratas uaslódáilte agat, cliceáil **Cuir isteach**.

Ní féidir an t-iarratas a athrú tar éis é a chur isteach. Ná cuir an t-iarratas isteach go dtí go mbeidh tú iomlán sásta leis.

Ba cheart go bhfaighfeá dhá ríomhphost ina dhiaidh sin. Eiseofar an chéad cheann láithreach bonn nuair a gheobhaidh an Chomhairle Ealaíon d'iarratas. D'fhéadfá an dara ceann a fháil cúpla nóiméad ina dhiaidh sin agus d'uimhir iarratais ann, a úsáidfear i ngach comhfhreagras a bhainfidh leis an iarratas seo. **Tabhair faoi deara:** tá sé tábhachtach go rachfá i dteagmháil le onlineservices@artscouncil.ie **mura bhfaigheann tú** an dara ríomhphost deimhnithe a mbeidh an uimhir iarratais ann.

